C/2026/5426

19.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12624 — OCP GROUP / KI GROUP / JFC1)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5426)

1. An 7 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KAES Phosphate Holdings, LLC ('KAES', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Koch, Inc, ('KI', na Stáit Aontaithe),

— OCP Nutricrops S.A. ('OCPN', Maracó), faoi rialú OCP S.A., ('OCP', Maracó),

— Jorf Fertilizers Company I, S.A. ('JFC1', Maracó), faoi rialú OCPN.

Gheobhaidh KAES agus OCPN rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar JFC1.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá KAES mar chuid de KI Group a rialaíonn punann ilghnéitheach cuideachtaí a bhfuil baint acu le próiseas scagtha agus ceimiceáin, trealamh agus teicneolaíochtaí rialaithe próisis agus truaillithe, mianraí, leasacháin, trádáil agus seirbhísí tráchtearraí, polaiméirí agus snáithíní, gloine, foraoiseacht agus earraí tomhaltais, nascóirí leictreonacha, priontáil agus pacáil, bogearraí fiontair agus infheistíochtaí. Trína fhochuideachta Koch Fertilizer, LLC, dáileann KI Group leasacháin fosfáite lasmuigh de LEE,

— Tá OCPN mar chuid de Ghrúpa OCP ar táirgeoir, soláthróir agus dáileoir domhanda leasachán fosfáit-bhunaithe é. Tá OCP gníomhach freisin in eastóscadh agus díol carraige fosfáite, agus ina tiontú go haigéad fosfarach.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais JFC1: aigéad fosfarach agus leasacháin atá bunaithe ar fhosfáit a tháirgeadh (lena n-áirítear fosfáit dé-amóiniam agus fosfáit mhona-amóiniam).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12624 — OCP GROUP / KI GROUP / JFC1

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË